# Fiosrúchán Iolraithe

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – iolrú, suimiú, oibríochtaí, patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschuraclaim: Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhirmheá, scálaí, tacar, grúpa, suimiú leantach, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, cothrom le, coibhéis, sprioc, cothrom, cothromóidí, iolraí, fachtóir |
| **Áiseanna** | Uimhirmheá Mol Mata, ábhair phraiticiúla don iolrú, uimhirmheá boird |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Úsáideann daltaí an uimhirmheá le dhá straitéis mhatamaiticiúla a bhaineann le hiolrú a fhiosrú agus a chruthú/a bhréagnú.

### 1 Gníomhaíocht 1

Ina bpéirí, léiríonn siad an coincheap de 'iolrú mar shuimiú leantach' faoi choinne tacar d'áirimh ar leith. Ní mór dóibh a chruthú go gcothromaíonn gach áireamh an uimhirmheá sula rachaidh siad ar aghaidh. Ansin, cuireann siad moltaí maidir le háirimh shuimithe ar fáil a léiríonn an coincheap seo. Ag deireadh na gníomhaíochta pléann/fiosraíonn daltaí an dóigh a dtig 3x5 a léiriú 3+3+3+3+3 nó 5+5+5.

### 2 Gníomhaíocht 2

Úsáideann daltaí an uirlis leis an chineál chómhalartach d'iolrú a léiriú. Agus samplaí ar leith in úsáid acu, cruthóidh/bréagnóidh na daltaí go bhfuil 3x5 cothrom le 5x3 srl. Iarrfar ar na daltaí a gcuid samplaí féin a chur ar fáil leis an choincheap seo a léiriú. Ag deireadh na gníomhaíochta pléitear cé acu de na hoibríochtaí uimhris atá cómhalartach. Spreag na daltaí le fianaise a chur ar fáil a thacaíonn lena dteoiricí agus lena ndóigh féin a roghnú lena chur in iúl (e.g. léaráidí nó léirithe a úsáid).

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén uimhir atá cothrom le 10x10?<br>• An bhfuil 5x4 cothrom le 4x5?<br>• Cad é 3+3+3+3+3+3? | • An bhfuil dóigh ar bith eile ann le 3+3+3+3+3 a scríobh/léiriú?<br>• An bhfuil fíricí iolraithe eile atá ar comhionann le 4x20? Liostaigh iad.<br>• Mínigh an chiall atá le 5x10 – An bhfuil dóigh eile ann lena mhíniú?<br>• Cad é mar atá fhios agat go bhfuil do ráiteas fíor?<br>• Cad chuige ar léirigh tú do thorthaí ar an dóigh seo? |

## Difreáil

Socraigh na fíricí iolraithe agus/nó méid na n-uimhreacha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Spreag iad le piartheagasc a úsáid sa ghníomhaíocht seo; seo nuair a oibríonn daltaí de chumais mheasctha le chéile.